Rewarding Learning

Uimhir Lárionaid

Uimhir Iarrthóra

ADVANCED SUBSIDIARY (AS)
General Certificate of Education
2024

Teicneolaíocht Dhigiteach

Aonad Measúnaithe AS 1
ag measúnú
Cuir Chuige i leith
Forbairt Córais

[SDT11] *SDT11*

DÉ HAOINE 17 BEALTAINE, IARNÓIN

AM

1 uair 30 nóiméad.

TREOIR D'IARRTHÓIRÍ

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.
Ní mór duit na ceisteanna a fhreagairt sna spásanna chuige sin.
Ná scríobh taobh amuigh den achar bhoscáilte ar gach leathanach ná ar leathanaigh bhána.
Comhlánaigh le dúch dubh amháin. **Ná scríobh le peann glóthaí.**
Freagair **gach ceann** de na **cúig** cheist.

EOLAS D'IARRTHÓIRÍ

Is é 100 an marc iomlán don pháipéar seo.
Léiríonn figiúirí idir lúibíní atá priontáilte ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.
Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa i gCeisteanna **4(d)** agus **5(d)**.

1 **(a)** Fáth amháin le ‘géarchéim na mbogearraí’ ná go mbíodh tionscadail bogearraí ag dul thar bhuiséad.

Sainaithin trí fháth eile le ‘géarchéim na mbogearraí’.

1. _____

2. _____

3. _____ [3]

(b) Tá comhéadan úsáideora i ríomhchóras.

Mínigh cad é a chiallaíonn an comhéadan úsáideora.

_____

_____

_____

_____

_____

_____ [3]

Tá leithdháileadh acmhainní ar cheann de na freagrachtaí atá ag bainisteoir tionscadail do thionscadal bogearraí.

(c) Sainaithin trí acmhainn a leithdháilfear.

1. _____

2. _____

3. _____ [3]

(d) Sainaithin dhá fhreagracht eile atá ag bainisteoir tionscadail.

1. _____

2. _____ [2]

(e) Baineann an bainisteoir tionscadail úsáid as uirlisí bainistíochta tionscadail.

Déan comparáid idir úsáid cairteacha Gantt agus anailís rébhealaigh i mbainistíocht tionscadail bogearraí.

Cairteacha Gantt

_____

_____

_____

_____

_____

_____

Anailís rébhealaigh

_____

_____

_____

_____

_____

_____ [6]

[Tiontaigh an leathanach

2 **(a)** Is modh amháin le fíricí a aimsiú í sampláil doiciméad.

(i) Sainaithin trí theicníc eile le fíricí a aimsiú.

1. _____

2. _____

3. _____ [3]

(ii) Sainaithin dhá shampla de dhoiciméid arbh fhéidir iad a shampláil agus córas ríomhairithe áirithintí in óstáin á fhorbairt.

1. _____

2. _____ [2]

(b) Taispeánann an tábla seo a leanas cuid de na riachtanais úsáideora do chóras billeála.

Tagairt	**Riachtanas úsáideora**
UR101	Cúltacú laethúil ar shonraí
UR102	Rochtain ar chóras le hainm úsáideora agus pasfhocal
UR103	Tuairiscí uathoibríocha ar dhíolachán laethúla agus seachtainiúla

Déan tagairt don tábla lena mhíniú cad é a chiallaíonn

Riachtanas feidhmiúil

Riachtanas neamhfheidhmiúil

[4]

[Tiontaigh an leathanach

(c) Léiríonn an Léaráid den tSreabhadh Sonraí *(DFD)* ar leibhéal comhthéacs seo a leanas, an dóigh a ndéantar próiseáil ar iarratas ó fhostaí le clárú ar chúrsa oiliúna.



Coinnítear mionsonraí ar iarratais i gcomhad na nIarratas.
Coinnítear mionsonraí ar chlárúcháin i gcomhad na gClárúchán.

Déantar gach iarratas a phróiseáil mar seo a leanas

- Déantar an t-iarratas a logáil, cuirtear admháil chuig an fhostaí agus déantar comhad na nIarratas a nuashonrú
- Déantar athbhreithniú ar an iarratas agus glactar leis nó diúltaítear dó agus déantar nuashonrú ar chomhad na gClárúchán

(i) Cuir síos ar an dóigh a n-úsáidtear *DFD* ar leibhéal comhthéacs le *DFD* leibhéal 1 a chruthú.

[4]

(ii) Sa bhosca thíos, táirg *DFD* leibhéal 1 don chóras seo.

[8]

[Tiontaigh an leathanach

3 Sa tsamhail chascáideach d'fhorbairt córas, i ndiaidh na céime den Dearadh Córas, tagann céimeanna an Chur i bhFeidhm agus na Tástála.

(a) Is féidir fréamhshamhaltú a úsáid i ndearadh an chomhéadáin úsáideora.

Mínigh cad é mar is féidir fréamhshamhaltú a úsáid i ndearadh an chomhéadain úsáideora.

[3]

(b) Cuir síos ar fheidhm Chéim an Chur i bhfeidhm.

[4]

(c) Cuimsíonn plean tástála sonraí tástála don uimhir thagartha atá ag táirge.

Is slánuimhir é **RefNo** bailí atá sa raon 1000 go 9999 agus an dá uimhir sin san áireamh.

Léiríonn an tábla thíos cuid den phlean tástála.

Comhlánaigh an tábla.

Mír thástála: **RefNo**

Sonraí na tástála	**Cineál shonraí na tástála**	**Cuspóir shonraí na tástála**
5000	Bailí/normalach	**RefNo** taobh istigh den raon atá próiseáilte mar is ceart
–1		
1000		
500		

[6]

[Tiontaigh an leathanach

(d) Baineadh úsáid as tástáil córais agus tástáil inghlacthachta le córas rialaithe stoic.

Cuir an fheidhm atá le gach ceann de na cineálacha tástála seo i gcomparáid.

Tástáil córais

Tástáil inghlacthachta

[6]

LEATHANACH BÁN

NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO

(Leanann ceisteanna ar an chéad leathanach eile)

[Tiontaigh an leathanach

4 **(a)** Tá plean athshlánaithe ó thubaiste forbartha ag eagraíocht dá córas faisnéise ríomhairithe.

(i) Mínigh cad chuige a bhfuil plean athshlánaithe ó thubaiste de dhíth ar an eagraíocht.

[3]

(ii) Cuireann an plean athshlánaithe ó thubaiste síos ar an mhodh cúltacaithe atá le húsáid.

Mínigh an difríocht idir cúltacú difreálach agus cúltacú incriminteach.

Cúltacú difreálach

Cúltacú incriminteach

[4]

(b) Tá cothabháil bogearraí de dhíth ar ríomhchóras ionas gur féidir leis leanúint de bheith ag feidhmiú le teicneolaíocht nua.

Ainmnigh agus cuir síos ar an chineál seo de chothabháil bogearraí.

Ainm _____

Cur síos _____

_____

_____

_____

_____

_____ [4]

(c) Táirgtear doiciméadú teicniúil le linn forbairt córais.
Pléigh an dóigh a n-úsáidfear doiciméadú teicniúil le linn cothabháil bogearraí.

_____

_____

_____

_____

_____

_____

_____ [3]

[Tiontaigh an leathanach

(d) Is cuir chuige éagsúla iad *Agile* agus an tsamhail chascáideach maidir le forbairt córas.

Déan comparáid idir an dá chur chuige seo maidir leis an am a thógann sé le córas a fhorbairt.

Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa sa cheist seo.

[6]

(e) Cuir síos ar aon bhuntáiste agus ar aon mhíbhuntáiste amháin a bhaineann leis an mhodh athraithe chomhthreomhair.

Buntáiste

Míbhuntáiste

[4]

[Tiontaigh an leathanach

5 **(a)** Mínigh gach ceann de na téarmaí ríomhchlárúcháin seo a leanas.

Algartam

Comhréir

[4]

(b) Tá cuid den algartam le gráid daltaí a ríomh taispeánta thíos.

Ionchuir marc an dalta
Má tá an marc níos mó ná 40 is pas é an grád, seachas sin, is teip é an grád
Aschuir an grád

Agus tagairt á déanamh agat don chuid seo den algartam, mínigh cad é a chiallaíonn gach ceann de na rudaí seo a leanas.

Seicheamh

_____

_____

_____

_____ [2]

Roghnú

_____

_____

_____

_____

_____

_____ [3]

[Tiontaigh an leathanach

(c) Luaigh an difríocht idir lúb áireamh-rialaithe agus lúb choinníoll-rialaithe.

Lúb áireamh-rialaithe

Lúb choinníoll-rialaithe

[4]

(d) Is gné thábhachtach de ríomhchlárúchán atá bunaithe ar oibiachtaí *(OOP)* í ath-inúsáidteacht cód.

Déan luacháil ar úsáid na hoidhreachta mar thaca le hath-inúsáidteacht cód.

Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa sa cheist seo.

[6]

SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR

NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO

Don Scrúdaitheoir amháin	
Uimhir Ceiste	**Marcanna**
1	
2	
3	
4	
5	
Marc Iomlán	

Uimhir Scrúdaitheora

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.

SDT11/5
291590